Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**14542/17**

**DEVGEN 266**
**ACP 131**
**RELEX 999**
**TELECOM 307**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 20 Samhain 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14170/17 |
| Ábhar: | Digitiú don Fhorbairt (D4D)<br>- Conclúidí ón gComhairle (20 Samhain 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Digitiú don Fhorbairt (D4D), a ghlac an Chomhairle ag an 3578ú cruinniú a bhí aici ar an 20 Samhain 2017.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Digitiú don Fhorbairt**

1. Meabhraíonn an Chomhairle na conclúidí uaithi maidir le 'Príomhshruthú réiteach digiteach agus teicneolaíochtaí digiteacha i mbeartas forbartha an Aontais Eorpaigh'[1] agus athdhearbhaíonn sí tiomantas an Aontais gona Bhallstáit tacú le Teicneolaíochtaí agus Seirbhísí Digiteacha i dtíortha i mbéal forbartha mar chumasóirí cumhachtacha an fháis chuimsithigh agus na forbartha inbhuanaithe, mar atá luaite sa Chomhdhearcadh Eorpach nua maidir le Forbairt. Tá an digitiú ar cheann de na príomh-nithe a chabhróidh chun Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) a bhaint amach. Is féidir leis a bheith ina chabhair chun dul chun cinn a dhéanamh i réimsí amhail comhionannas inscne, an dea-rialachas agus an smacht reachta, an imirce, sláinte, oideachas, fuinnimh agus athrú aeráide agus cruthú post ar bhonn inbhuanaithe. Leanfaidh Digitiú don Fhorbairt cur chuige atá bunaithe ar chearta lena gcuimseofar cearta agus saoirsí uile an duine agus lena gcuirfear an rialachas daonlathach agus an smacht reachta chun cinn.

2. Is díol sásaimh don Chomhairle gur foilsíodh Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Digitiú don Fhorbairt (D4D)[2], lena gcuirtear creat ar fáil chun an digitiú a phríomhshruthú i mbeartas forbartha an Aontais agus ina sainaithnítear ceithre réimse tosaíochta atá dírithe faoi láthair ar an Aifric don chuid is mó. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá 'Digitiú don Fhorbairt' (D4D) a chur chun cinn mar chreat cuimsitheach sna tíortha uile atá i mbéal forbartha, ag díriú orthu siúd ina bhfuil na riachtanais agus na deiseanna is mó don digitiú.

3. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún cur chuige D4D a chur chun feidhme go gasta trí shraith gníomhaíochtaí nithiúla agus faoi thionchar an éilimh a seolfar le linn na tréimhse 2017-2020. Thairis sin, iarrann sí ar an gCoimisiún treoirthionscadail rathúla a atháirgeadh ar scála níos mó. Tá an Chomhairle ag súil le dul chun cinn i dtaca le bonneagar digiteach a fhorbairt, r-rialachas agus scileanna digiteacha a chur chun cinn, an geilleagar digiteach a neartú agus eiceachórais a chothú do ghnólachtaí nuathionscanta lena n-áirítear deiseanna maoinithe do mhicreaghnóthais agus do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide. Ba cheart gnólachtaí nuathionscanta digiteacha i dtionscadail chruthaitheacha agus chultúrtha a chur chun cinn freisin i gcomhréir le prionsabail na forbartha inbhuanaithe.

---

[1] 14682/16

[2] Digitiú don Fhorbairt: Príomhshruthú teicneolaíochtaí digiteacha i mBeartas Forbartha an Aontais Eorpaigh, SWD(2017)157

4. Tá ról ríthábhachtach ag an earnáil phríobháideach i dtaca leis an digitiú don fhorbairt a chur chun cinn, go háirithe ó thaobh na hinfheistíochta, na nuálaíochta, na feasachta ar an margadh agus an tsaineolais de. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé foinsí breise maoinithe a ghiaráil, agus is díol sásaimh di ar an ábhar sin seoladh an Phlean infheistíochta seachtraí agus cruthú na fuinneoige tiomnaithe infheistíochta maidir leis an digitiú laistigh den Chiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe mar uirlis mhór nuálach chun infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a shlógadh agus chun tacú leis an ngeilleagar digiteach i dtíortha comhpháirteacha. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé an digitiú a phríomhshruthú i ngach fuinneog infheistíochta eile d'fhonn sineirgí a chruthú.

5. Tá an Chomhairle buartha i gcónaí go bhfuil níos mó ná leath de dhaonra an domhain fós gan rochtain ar an Idirlíon agus cuireann sí i dtreis gur gá cur go mór le hiarrachtaí an deighilt dhigiteacha a chúngú laistigh de thíortha agus eatarthu, agus aird ar leith á tabhairt ar na tíortha is lú forbartha. Agus an méid sin á dhéanamh, ba cheart tús áite a thabhairt d'fheabhsú na rochtaine ar nascacht inacmhainne idirlín, go háirithe i gceantair thuaithe agus iargúlta i gcás ina bhfuil an earnáil phríobháideach in easnamh. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé nach ndéanfar seirbhísí na soláthraithe seirbhísí áitiúla atá ann cheana a dhúbláil. Ina theannta sin, leagann an Chomhairle béim ar thábhacht an ilteangachais ar líne d'fhonn rochtain uilíoch ar idirlíon oscailte, neodrach a chur chun cinn, mar aon lena úsáid a chur chun cinn.

6. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá an deighilt dhigiteach bunaithe ar inscne, deighilt atá ag dul i méid, a chúngú agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht na mban agus na gcailíní sa gheilleagar digiteach a neartú i bhfianaise a gcumhachtú polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta, agus é á chur chun cinn ag an am céanna go mbainfeadh mná agus cailíní leas iomlán as cearta an duine. Áirítear leis sin bearta chun na bacainní reatha ar rochtain na mban agus na gcailíní ar theicneolaíochtaí digiteacha agus ar a n-úsáid a shárú, chomh maith le bearta spriocdhírithe chun a gcuid scileanna digiteacha a fhorbairt.

7. Cuireann an Chomhairle béim ar an ngá le dlús a chur le húsáid seirbhísí r-rialachas agus bonneagar seirbhísí digiteacha ar mhaithe leis an timpeallacht ghnó a fheabhsú, cur leis an trédhearcacht agus éilliú a laghdú, infheistíochtaí ón earnáil phríobháideach a mhealladh, cur le slógadh acmhainní intíre, staidreamh a fheabhsú agus rochtain ar sheirbhísí poiblí agus infhaighteacht na seirbhísí sin a fheabhsú do shaoránaigh. Spreagann an Chomhairle cur chun cinn an tsaineolais agus na ndea-chleachtas atá ann cheana i seirbhísí r-rialachas ar fud an Aontais. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur féidir le córais sainaitheantais atá stóinse agus cuimsitheach, lena n-áirítear r-shainaitheantas agus sainaitheantas soghluaiste cabhrú chun an ceart bunúsach i dtaca le clárú breithe agus náisiúntacht, mar aon le cearta eile a eascraíonn astu a áirithiú. Trí chlárlanna poiblí a dhigitiú, éascaítear an rochtain ar theidlíochtaí agus ar sheirbhísí agus cabhraítear le rialachas níos fearr, próisis thrédhearcacha toghcháin agus cuntasacht a bhaint amach, mar aon le rannpháirtíocht dhaonlathach. Leagann an Chomhairle béim ar an tábhacht a bhaineann le húinéireacht áitiúil agus náisiúnta agus ar ról lárnach na n-údarás poiblí i dtaca le creat rialála cumasúcháin a chruthú agus a chur chun feidhme, lena gcosnaítear cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, ina measc an ceart chun príobháideachta agus lena n-áirithítear cosaint sonraí ag an am céanna.

8. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá cur le rannpháirtíocht ar líne na saoránach ar líne agus leagann sí béim ar an ngá atá le timpeallacht chumasúcháin a chur ar fáil d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) chun feidhmiú gan bhac. Aithníonn an Chomhairle ról tábhachtach eagraíochtaí na sochaí sibhialta i dtaobh scileanna digiteacha a fhorbairt agus cabhrú le daoine agus le pobail iad féin a chur in oiriúint don gheilleagar digiteach, tairbhe a bhaint as deiseanna digiteacha agus páirt a ghlacadh sa ríomh-dhaonlathas.

9. Léiríonn an Chomhairle go bhfuil sí buartha faoin méadú atá ag teacht ar líon agus ar mhinicíocht na gcibearbhagairtí ar an leibhéal domhanda, lena n-áirítear teagmhais chibearshlándála trasteorann ar mhórscála agus cibearoibríochtaí comhéigneacha. Cuireann sí i dtreis gur gá an chibearshlándáil agus an comhrac i gcoinne na cibearchoireachta a threisiú, san Aontas féin agus i dtíortha comhpháirtíochta araon, tríd an gcomhar agus tríd an gcúnamh idirnáisiúnta i réimse an fhothaithe cibearacmhainní. I dtaca leis sin, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé go mbeidh na gníomhaíochtaí uile a dhéanfar i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus go gcloífear leis an smacht reachta ar an idirlíon. Tá sé ríthábhachtach cur leis an iontaoibh agus leis an tslándáil sa chibearspás d'fhonn ligean le hacmhainneacht an digitithe agus d'fhonn bagairtí agus ionsaithe nua a chosc.

10. Molann an Chomhairle leas a bhaint as réitigh nuálacha digiteacha i gcomhthéacs géarchéimeanna daonnúla agus idirghabhálacha laghdú rioscaí tubaiste, lena n-áirítear freagairt d'easáitiú éigeantach le linn tréimhsí fada, cáilíocht agus éifeachtúlacht an chúnaimh a chuirtear ar fáil a fheabhsú, agus ag an am céanna, príobháideachas a chosaint agus prionsabal na neamhdhíobhála a áirithiú. Féadfaidh réitigh dhigiteacha agus úsáid mórshonraí cuidiú le léargais inghníomhaithe a chur ar fáil don fhorbairt agus do ghníomhaithe daonnúla, agus dá bhrí sin, féadfaidh sé an nasc idir an daonnúlacht agus an fhorbairt a neartú, go mór mór, trí úsáid níos fearr a bhaint as córais réamhrabhaidh agus sásraí luathghníomhaíochta.

11. Cuireann an Chomhairle i bhfáth a thábhachtaí atá sé teicneolaíochtaí digiteacha a chur chun cinn agus a úsáid, lena n-áirítear mórshonraí agus sonraí oscailte, chun dlús a chur le spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. Molann an Chomhairle táirgeadh agus úsáid sonraí ábhartha imdhealaithe ardcháilíochta atá so-aimsithe chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme spriocanna forbartha inbhuanaithe agus tacaíocht phoiblí a spreagadh chun é sin a bhaint amach.

12. Aithníonn an Chomhairle go bhféadfadh nuálaíochtaí, lena n-áirítear eolaíochtaí sonraí, an intleacht shaorga nó idirlíon na rudaí nithiúla, réitigh nua a thabhairt ar an bhfód le haghaidh na forbartha, agus molann sí go láidir iad a chur chun cinn agus go ndéantar cumais áitiúla a fhorbairt i ndáil leis sin.

13. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá D4D a phríomhshruthú i mbeartas forbartha an Aontais le cumas bunathraitheachta níos mó a áirithiú. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá comhtháthú beartas a chur chun cinn ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe agus le prionsabail maidir le margadh aonair digiteach an Aontais (DSM) a chur chun feidhme ina gcuid beartas seachtrach, go háirithe trí thacaíocht a chur ar fáil do chreataí náisiúnta rialála i dtíortha comhpháirtíochta, mar is iomchuí, chomh maith le ríomhthráchtáil thrasteorann a chur chun cinn.

14. Iarrann an Chomhairle táirgí nithiúla a bheith ann maidir le D4D le comhpháirtithe na hAfraice, go háirithe i gcomhthéacs an chruinnithe mullaigh idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach atá ar na bacáin agus an méid a leanann é. Tá an Chomhairle ag tnúth le seoladh tionscadal suaitheanta maidir leis an digitiú, mar a thuairiscigh an tAontas agus na Ballstáit i ndoiciméid an chruinnithe mullaigh, faoi chuimsiú comhpháirtíocht athnuaite leis an Afraic. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair a rinne an Coimisiún chun deiseanna a d'fhéadfaidh a bheith ann a mhapáil chun réitigh r-rialachais a chur chun cinn i dtíortha na hAfraice.

15. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin tuilleadh tionscnamh maidir leis an digitiú i gcomharsanacht an Aontais, lena n-áirítear tionscnaimh atá ag teacht sna sála ar an dara cruinniú de chuid Dhearbhú Chomhpháirtíocht an Oirthir maidir leis an ngeilleagar digiteach[3] agus cruinniú mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir atá ar na bacáin.

16. Cuireann an Chomhairle i bhfáth gur gá malartuithe rialta a bheith ann idir an tAontas, na Ballstáit agus gníomhaithe ábhartha, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, an saol acadúil agus an earnáil phríobháideach, d'fhonn an chomhlántacht agus sineirgí a fheabhsú, taithí agus ceachtanna a foghlaimíodh a roinnt maidir le cur chuige D4D agus tiomantas comhordaithe gach páirtí leasmhair a áirithiú. Tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún grúpa ina bhfuil go leor páirtithe leasmhara a chur ar bun chun na dea-chleachtais agus na ceachtanna a foghlaimíodh ón gclaochlú digiteach a roinnt agus chun an comhar a neartú leis na gníomhaithe ábhartha uile i gcomhthéacs D4D, chomh maith le húsáid a bhaint as na sásraí eile comhordúcháin atá ann cheana. Is den tábhacht freisin comhar agus idirphlé rialta le tíortha comhpháirtíochta agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear caighdeáin domhanda agus idirnáisiúnta a leagan síos.

[3] https://www.eu2017.ee/sites/default/files/2017-10/MinisterialDeclaration.pdf

17. Iarrtar ar na Ballstáit féachaint ar na deiseanna atá ann chun an digitiú a chomhtháthú ina gcuid straitéisí náisiúnta maidir le comhar don fhorbairt. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint den chumas agus den fhios gnó maidir le D4D a fhorbairt i measc na foirne seo acu ina gceanncheathrú agus i dtíortha comhpháirtíochta, chun dlús a chur le hoibríochtú chur chuige D4D agus comhordú agus sineirgí a fheabhsú sa réimse. Iarrtar ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit feasacht a mhúscailt i measc tíortha comhpháirtíochta i leith na dtairbhí a bhaineann leis an digitiú, agus cearta an duine a chur chun cinn, go háirithe saoirse tuairimí a nochtadh ar líne agus as líne[4].

18. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún tuilleadh céimeanna nithiúla a leagan amach agus spriocanna intomhaiste a fhorbairt chun cur chuige D4D a chur chun feidhme, agus tuairisc ó bhéal a thabhairt ar bhonn bhliantúil maidir leis an dul chun cinn atá déanta, faoi chuimsiú an chreata tuairiscithe atá ann cheana. Iarann sí ar an gCoimisiún D4D a chomhtháthú i machnamh ar a bhfuil i ndán do ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a mhaoiniú amach anseo.

---

[4] An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 12 Bealtaine 2014, Treorlínte an Aontais maidir le Cearta an Duine maidir le Saoirse Tuairimíochta ar Líne agus as Líne, Comhairlean Aontais Eorpaigh, 9647/14; Conclúidí ón gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas, 2015 – 2019, an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 20 Iúil 2015, Comhairle an Aontais Eorpaigh, 10897/15